Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

12941/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0306(COD)**

CODEC 1373
UD 201
ENFOCUSTOM 131
COMER 112
ECOFIN 927
TRANS 607
IA 145
MI 691
PE 107

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 3 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2022) |

# I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO), Anna CAVAZZINI (Verts/ALE, DE), thar ceann an Choiste, leasú comhréitigh (leasú 88) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 88) ar an togra thuasluaite le haghaidh rialacháin. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2022)0340

## Ionad Ilfhreastail AE maidir le Custam ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (COM(2020)0673 – C9-0338/2020 – 2020/0306(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0673),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 33, 114 agus 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0338/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 24 Márta 2021[3],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle ina litir an 15 Meitheamh 2022 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do litir ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0279/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[3] IO C 220, 9.6.2021, lch. 62.

**P9_TC1-COD(2020)0306**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Deireadh Fómhair 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 33, 114 agus 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[5],

---

**4** IO C 220, 9.6.2021, lch. 62.
**5** Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair.

De bharr an mhéid seo a leanas:

***(1)*** ***Tá an tAontas Eorpach ar cheann de na bloic thrádála is mó ar domhain, agus is cloch choirnéil de sin an t-aontas custaim. Tá an t-aontas custaim bunriachtanach do lánpháirtiú rathúil an Aontais agus d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, chun leasa gnólachtaí agus tomhaltóirí.***

(2) Tá trádáil idirnáisiúnta an Aontais faoi réir reachtaíocht chustaim agus ***reachtaíocht nach reachtaíocht chustaim í*** araon. Tá reachtaíocht nach reachtaíocht chustaim í infheidhme maidir le hearraí sonracha i réimsí beartais lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, an comhshaol, talmhaíocht, an t-iascach, oidhreacht chultúrtha agus faireachas margaidh. Ar na príomhchúraimí a shanntar d'údaráis chustaim faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], tá slándáil agus sábháilteacht an Aontais agus na ndaoine atá ina gcónaí ann agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, i ndlúthchomhar le húdaráis eile. Mar gheall ar an ***easpa ailínithe idir*** foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais ▌ agus foirmiúlachtaí custaim, bíonn oibleagáidí tuairiscithe casta troma le haghaidh trádálaithe, próisis neamhéifeachtacha um imréiteach earraí atá fabhrach d'earráidí agus don chalaois agus costais bhreise d'oibreoirí eacnamaíocha. Tá easpa idir-inoibritheachta na gcóras a úsáideann na húdaráis chustaim sin agus údaráis eile ina constaic mhór roimh dhul chun cinn maidir leis an margadh aonair digiteach a chur i gcrích i ndáil le rialuithe custaim. Chun aghaidh a thabhairt ar an idir-inoibritheacht ilroinnte idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta maidir leis na próisis um imréiteach earraí a bhainistiú agus chun an ghníomhaíocht sa réimse seo a chomhordú, rinne an Coimisiún agus na Ballstáit roinnt gealltanas i gcaitheamh na mblianta maidir le tionscnaimh ionaid ilfhreastail a fhorbairt chun earraí a imréiteach.

---

**6** Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(3) I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 70/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], féachfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún le creat seirbhísí ilfhreastail a bhunú agus a chur ag obair lena bhforáiltear do shreabhadh rianúil sonraí idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, idir údaráis chustaim agus an Coimisiún, idir údaráis chustaim agus riaracháin nó gníomhaireachtaí eile, agus idir córas custaim amháin agus córas custaim eile ar fud an Aontais. Tá codanna áirithe den Chinneadh sin atá dímholta nó nach bhfuil coincréiteach go leor chun dul chun cinn breise a spreagadh agus a dhreasú, go háirithe maidir leis an tionscnamh ilfhreastail. Mar obair leantach ar an méid sin, agus i gcomhréir leis an tuarascáil deiridh ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2015 dar teideal 'Meastóireacht ar chur chun feidhme custaim leictreonaigh san Aontas Eorpach', formhuiníodh Dearbhú na Veinéise an 15 Deireadh Fómhair 2014 sna Conclúidí ón gComhairle an 17 Nollaig 2014 maidir le Custam Leictreonach agus Cur Chun Feidhme Ionaid Ilfhreastail san Aontas Eorpach agus iarradh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh athbhreithniú ar Chinneadh Uimh. 70/2008/CE.

7 Cinneadh Uimh. 70/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le timpeallacht gan pháipéar i ndáil le custam agus le trádáil (IO L 23, 26.1.2008, lch. 21).

(4) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2015/1947[8] lena dtugtar chun críche, thar ceann an Aontais, an Comhaontú um Éascú Trádála, a tháinig i bhfeidhm an 22 Feabhra 2017. Is é atá sa chomhaontú sin an iarracht is fairsinge ar éascú trádála agus athchóiriú custaim a rinneadh faoin Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Tá forálacha ann arb é is aidhm leo feabhas nach beag a chur ar imréiteach earraí agus ar chomhar éifeachtach idir údaráis chustaim agus údaráis rialála eile san éascú trádála agus i saincheisteanna comhlíonta custaim. I gcomhréir le hAirteagal 10(4) den chomhaontú sin, tá baill le féachaint le hionad ilfhreastail a bhunú nó a choinneáil ar bun, ionad lena ligfear do thrádálaithe doiciméadacht agus/nó ceanglais sonraí a chur isteach maidir le hearraí a allmhairiú, a onnmhairiú nó a thrasghluaiseacht chuig na húdaráis nó na gníomhaireachtaí rannpháirtíochta trí phointe iontrála aonair. ***I gcás ina measfar é a bheith iomchuí agus i gcás ina bhforáiltear dó sin i reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a chur ar chumas trádálaithe doiciméadacht agus/nó ceanglais sonraí a chur isteach maidir le hearraí atá á stóráil go sealadach tríd an bpointe iontrála aonair sin.***

---

8 Cinneadh (AE) 2015/1947 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 284, 30.10.2015, lch. 1).

(5) Na húdaráis ar fad a bhfuil baint acu leis an bpróiseas imréitigh earraí, is cúram dóibh an t-éascú trádála agus an tsábháilteacht agus slándáil. Rinne an t-ardú mear i dtrádáil idirnáisiúnta agus sa r-thráchtáil méadú ar an ngá atá le comhar agus comhordú feabhsaithe i measc na n-údarás sin. Le próiseas leanúnach na digiteála is féidir aghaidh a thabhairt ar an staid sin ar bhealach níos éifeachtúla trí chórais na n-údarás custaim agus na n-údarás inniúil comhpháirtíochta a nascadh agus trí mhalartú comhtháite, inrochtana agus córasach uathoibrithe faisnéise a chumasú eatarthu, a bhfuil neartú comhair maidir le nósanna imeachta custaim mar chuspóir leis. Mar sin, níl an creat comhlíonta rialála atá ann faoi láthair leordhóthanach chun tacú le hidirghníomhaíocht éifeachtach idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta, a bhfuil ilroinnt agus iomarcaíocht mar shaintréithe dá gcórais agus dá nósanna imeachta. Le haghaidh próiseas imréitigh earraí atá lánchomhordaithe agus éifeachtúil, teastaíonn timpeallacht rialála chuíchóirithe san Aontas le haghaidh trádáil idirnáisiúnta, timpeallacht ina soláthrófar tairbhí fadtéarmacha don Aontas agus dá chónaitheoirí sna réimsí beartais uile, ina dtacófar le héifeachtacht agus dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ina ndéanfar cosaint tomhaltóirí a áirithiú.

***(6) Maidir le Tuarascáil Speisialta 4/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Rialuithe custaim: comhchuibhiú neamhleor ag cur isteach ar leasanna airgeadais an Aontais' agus le Conclúidí ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 maidir leis an Tuarascáil Speisialta sin, ba cheart iad a chur san áireamh agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ós rud é go bhfuil gá le dóthain acmhainní agus foirne chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus an aontais chustaim a bhaint amach.***

(7) Le Plean Gníomhaíochta Ríomhrialtais an Aontais Eorpaigh 2016-2020 a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2016 féachtar le cur le héifeachtúlacht na seirbhísí poiblí trí na bacainní digiteacha atá ann faoi láthair a bhaint, tríd an ualach riaracháin a laghdú agus trí chaighdeán na n-idirghníomhaíochtaí idir na húdaráis náisiúnta a fheabhsú. Go háirithe, cumhdaítear sa phlean gníomhaíochta sin prionsabail amhail prionsabal an chaighdeáin seirbhíse 'digiteach mar réamhshocrú', prionsabal tuairiscithe 'na haon uair amháin' agus an prionsabal 'trasteorann mar réamhshocrú', arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht laistigh den mhargadh aonair digiteach a éascú. ***Cumhdaítear ann freisin prionsabal 'na hidir-inoibritheachta mar réamhshocrú', arb é is aidhm dó a áirithiú go n-oibreoidh seirbhísí poiblí gan uaim ar fud an mhargaidh inmheánaigh, agus an prionsabal i dtaca le hiontaofacht na sonraí pearsanta agus na slándála TF.***

*(8) I gcomhréir leis an bhfís a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta ríomh-Rialtais AE 2016-2020 agus le hiarrachtaí ar bhonn níos leithne chun na próisis tuarascála maidir le trádáil idirnáisiúnta earraí a shimpliú agus a dhigiteáil, d'fhorbair an Coimisiún treoirthionscadal deonach ar a dtugtar Córas Malartaithe Deimhnithe d'Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam. Leis an tionscadal sin lamháiltear do na húdaráis chustaim comhlíontacht a fhíorú go huathoibríoch le líon teoranta foirmiúlachtaí neamhchustaim, lena gcumasaítear d'fhaisnéis a mhalartú idir córais chustaim na mBallstát rannpháirteach agus córais neamhchustaim an Aontais faoi seach lena mbainistítear foirmiúlachtaí neamhchustaim. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar nósanna imeachta imréitigh de bharr an tionscadail, is léir go gcuireann an bunús deonach atá leis teorainn lena acmhainneacht maidir le tairbhí suntasacha a ghiniúint le haghaidh údaráis chustaim, údaráis inniúla chomhpháirtíochta agus oibreoirí eacnamaíocha. Tá na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an tionscadal teoranta go háirithe toisc nach bhfuil léargas cuimsitheach ann ar na hallmhairí uile chuig an Aontas agus ar na honnmhairí uile ón Aontas agus toisc nach bhfuil ach éifeacht theoranta aige maidir leis na hualaí riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú.*

(9) Chun timpeallacht lándigiteach agus próiseas imréitigh earraí éifeachtúil a bhaint amach le haghaidh na bpáirtithe uile atá rannpháirteach sa trádáil idirnáisiúnta, is gá rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam (‘Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam’) a bheidh comhchuibhithe agus comhtháite. Seirbhísí leictreonacha lán-chomhtháite a chuirtear ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun comhroinnt faisnéise agus comhar digiteach idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta a éascú agus chun próisis imréitigh earraí a chuíchóiriú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart dóibh a bheith san áireamh sa timpeallacht sin. Ba cheart Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a fhorbairt i gcomhréir leis na féidearthachtaí ar shainaithint iontaofa agus fíordheimhniú iontaofa a thairgtear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus leis an bprionsabal aonuaire, i gcás inarb iomchuí, mar a athdhearbhaíodh i Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]. Chun Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a chur chun feidhme, is gá, ar bhonn an treoirthionscadail, córas malartaithe deimhnithe a bhunú, is é sin Córas leictreonach Malartaithe Deimhnithe Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam (CSW-CERTEX AE), lena ndéanfar ionaid ilfhreastail náisiúnta a idirnascadh le haghaidh córais chustaim agus córais neamhchustaim an Aontais lena mbainistítear foirmiúlachtaí neamhchustaim sonracha. Is gá timpeallachataí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a chomhchuibhiú freisin, na hionaid sin a chomhtháthú i dTimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, agus sraith rialacha a bhunú maidir leis an gcomhar riaracháin digiteach laistigh de Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam.

---

9 Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

10 Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

*(10)* ***Ba cheart Timpeallacht Ionad Ilfhreastail AE maidir le Custam a ailíniú agus a dhéanamh chomh hidir-inoibritheach agus is féidir le córais eile a bhaineann le custam atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, amhail imréiteach láraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. I gcás inarb ábhartha, ba cheart sineirgí a lorg idir an timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí arna bunú le Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam.***

*(11)* ***Ba cheart, go háirithe, cosaint níos fearr a bheith ann do shaoránaigh agus laghdú ar an ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar údaráis chustaim mar thoradh ar an Rialachán seo.***

*(12)* Ní mór do Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam ardréitigh chibearshlándála a chomhtháthú chun go gcoiscfear ionsaithe a d'fhéadfadh cur isteach ar na córais chustaim agus neamhchustaim, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shlándáil trádála nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do gheilleagar an Aontais. ***Ba cheart caighdeáin na cibearshlándála a dhearadh sa chaoi is go bhforbrófar iad ar aon luas leis na ceanglais rialála maidir le slándáil faisnéise líonra. Agus Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam á forbairt, á hoibriú agus á cothabháil, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit treoirlínte iomchuí arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) maidir leis an gcibearshlándáil a leanúint.***

---

**11** ***Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64).***

(13) Foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a leagtar síos i reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í a bhfuil sé de chúram ar na húdaráis chustaim iad a fhorfheidhmiú, ba cheart iad a chumhdach leis an malartú faisnéise digití trí CSW-CERTEX AE. ***Is éard atá i bhfoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais gach oibríocht atá le déanamh ag duine nádúrtha, oibreoir eacnamaíoch nó údarás inniúil comhpháirtíochta le haghaidh gluaiseacht idirnáisiúnta earraí, lena n-áirítear an chuid sin den ghluaiseacht idir na Ballstáit, nuair is gá sin.*** Leis na foirmiúlachtaí sin déantar oibleagáidí éagsúla a fhorchur maidir le hearraí áirithe a allmhairiú, a onnmhairiú nó a thrasghluaiseacht agus tá tábhacht bhunúsach ag baint lena bhfíorú trí rialuithe custaim ó thaobh fheidhmiú éifeachtach Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam. Agus an fhaisnéis ábhartha ó na Ballstáit uile atá ag teastáil chun earraí a imréiteach á stóráil, ba cheart foirmiúlachtaí digiteáilte a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus a bhainistíonn údaráis inniúla chomhpháirtíochta i gcórais leictreonacha neamhchustaim an Aontais a chumhdach le CSW-CERTEX AE. Is iomchuí, dá bhrí sin, foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais ***agus córais neamhchustaim an Aontais faoi seach ar cheart*** iad a bheith faoi réir comhar digiteach trí CSW-CERTEX AE a shainaithint.

***Go háirithe, ba cheart an sainmhíniú ar chórais neamhchustaim an Aontais a bheith leathan agus ba cheart a chuimsiú leis na cásanna agus na foirmlithe dlíthiúla éagsúla sna gníomhartha dlí lena gcumasaíodh nó lena gcumasófar cruthú agus úsáid na gcóras sin. Thairis sin, is iomchuí freisin na dátaí a shonrú faoinar cheart córas sonrach neamhchustaim an Aontais lena gcumhdaítear foirmiúlacht neamhchustaim an Aontais agus na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a idirnascadh le-CERTEX CSW AE. Ba cheart na dátaí sin léiriú a dhéanamh ar na dátaí a bhunaítear i reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í chun foirmiúlacht shonrach neamhchustaim an Aontais a chomhlíonadh a chur san áireamh, chun go bhféadfar comhlíonadh a dhéanamh trí Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam.*** Go háirithe, ba cheart a chumhdach ar dtús, le CSW-CERTEX AE, ceanglais sláintíochta agus fíteashláintíochta, rialacha lena rialaítear allmhairiú táirgí orgánacha, ceanglais chomhshaoil maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus substaintí ídithe ózóin, agus foirmiúlachtaí a bhaineann le hallmhairiú earraí cultúrtha.

(14) Ba cheart malartú faisnéise idir na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus córais neamhchustaim an Aontais a éascú le CSW-CERTEX AE. Dá réir sin, nuair a chuireann oibreoir eacnamaíoch ***dearbhú custaim nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin*** isteach, lena gceanglaítear foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a bheith comhlíonta, ba cheart údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta a bheith in ann an fhaisnéis a éilítear don phróiseas imréitigh custaim a mhalartú agus a fhíorú go huathoibríoch agus go héifeachtach. Ríomhphróisis a bheidh níos comhtháite, níos tapúla agus níos simplí maidir le hearraí a imréiteach agus feabhas ar fhorfheidhmiú agus ar chomhlíonadh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais, ba cheart dóibh siúd a bheith mar thoradh ar chomhar digiteach feabhsaithe agus ar chomhordú feabhsaithe idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta.

(15) Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, CSW-CERTEX AE a fhorbairt, a chomhtháthú agus a oibriú, ***lena n-áirítear oiliúint iomchuí a chur ar fáil do na Ballstáit maidir lena fheidhmiú agus lena chur chun feidhme***. Chun seirbhísí ilfhreastail iomchuí comhchuibhithe agus caighdeánaithe a sholáthar ar leibhéal an Aontais le haghaidh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais, ba cheart don Choimisiún gach ceann de chórais neamhchustaim an Aontais a nascadh le CSW-CERTEX AE. Ba cheart na Ballstáit a bheith freagrach as a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a nascadh le CSW-CERTEX AE, le cúnamh, i gcás inar gá, ón gCoimisiún.

(16) Ba cheart aon phróiseáil sonraí ***pearsanta agus sonraí neamhphearsanta*** **in** CSW-CERTEX AE a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] ('RGCS'), Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] ('IDPR') agus tá sí gan dochar do Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] ('Rialachán maidir le saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta'). ***Ba cheart é a dhéanamh laistigh de thimpeallacht shábháilte agus shlán a chosnaítear ar chibearbhagairtí. Chuige sin, ba cheart bearta oiriúnacha eagraíochtúla agus teicniúla cibearshlándála, amhail criptiú, a úsáid. Thairis sin, ba cheart a cheadú leis sin malartú faisnéise idir na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus córais neamhchustaim an Aontais gan aon sonraí pearsanta a stóráil, cé is moite de logaí teicniúla a bhfuil gá leo chun na sonraí a sheoltar chuig córas ar leith a shainaithint.*** Ba cheart dó sonraí a chlaochlú, freisin, i gcás inar gá, chun malartú faisnéise idir an dá réimse dhigiteacha a éascú. Ba cheart an bonneagar teicneolaíochta faisnéise a úsáidfear chun sonraí a chlaochlú a bheith lonnaithe san Aontas.

---

12 ***Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

13 ***Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

14 ***Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach (IO L 303, 28.11.2018, lch. 59).***

(17) De réir chineál na foirmiúlachta neamhchustaim, d'fhéadfadh catagóirí éagsúla ábhar sonraí agus na sonraí pearsanta dá gcuid a theastaíonn chun an dearbhú custaim nó an dearbhú ath-onnmhairiúcháin a thaisceadh nó chun iarratas a dhéanamh ar dhoiciméid tacaíochta a bheith san fhaisnéis leictreonach atá le malartú trí CSW-CERTEX AE. D'fhéadfadh sonraí pearsanta roinnt catagóirí ábhar sonraí a bheith i ndearbhuithe custaim nó i ndearbhuithe ath-onnmhairiúcháin, lena n-áirítear onnmhaireoirí, allmhaireoirí, coinsínithe, agus gníomhaithe breise sa slabhra soláthair. D'fhéadfadh an fhaisnéis chéanna a bheith i ndoiciméid tacaíochta maidir le catagóirí eile ábhar sonraí, mar shampla coinsíneoirí, onnmhaireoirí, coinsínithe, allmhaireoirí agus ceadúnaithe. Tá an tríú catagóir d'ábhar sonraí ann a bhféadfaí a sonraí pearsanta a phróiseáil in CSW-CERTEX AE, lena n-áirítear baill foirne údaraithe d'údaráis chustaim, d'údaráis inniúla chomhpháirtíochta nó de chomhlacht deimhnithe eile, chomh maith le baill foirne den Choimisiún agus aon soláthraí tríú páirtí eile a ghníomhaíonn thar ceann an Choimisiúin agus a bhfuil baint aige le hoibriú agus le cothabháil CSW-CERTEX AE.

(18) Dhá eintiteas nó níos mó a chinneann cuspóir agus modhanna na próiseála go comhpháirteach, i gcás ina ndéanann siadsan sonraí pearsanta a phróiseáil go comhpháirteach, ba cheart na heintitis sin a bheith ina rialaitheoirí comhpháirteacha. Ós rud é go bhfuil an Coimisiún agus údaráis chustaim na mBallstát agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta freagrach as feidhmiú CSW-CERTEX AE, ba cheart iad a bheith ina rialaitheoirí comhpháirteacha ar phróiseáil sonraí pearsanta in CSW-CERTEX AE i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725.

(19) ***Ba cheart a áireamh i dTimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam ionstraimí teipe agus ba cheart iad a cheapadh d'fhonn cur le cumais anailísíochta sonraí na n-údarás custaim agus iad a chothú, lena n-áirítear trí uirlisí le cuidiú intleachta saorga a úsáid chun sáruithe atá faoi réir rialuithe custaim nó atá á n-imscrúdú ag údaráis chustaim a bhrath, lena n-áirítear maidir le sábháilteacht agus slándáil earraí agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais.***

(20) Mar thoradh ar an méadú ar dhigiteáil na bhfoirmiúlachtaí custaim agus fhoirmiúlachtaí rialála neamhchustaim an Aontais is infheidhme maidir leis an trádáil idirnáisiúnta, cuireadh deiseanna nua ar fáil do na Ballstáit feabhas a chur ar an gcomhar digiteach idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta. Chun na deiseanna agus na tosaíochtaí sin a bhaint amach, chuir roinnt Ballstát tús le creataí a fhorbairt le haghaidh timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam. Bíonn éagsúlachtaí substaintiúla sna tionscnaimh sin de réir leibhéal an bhonneagair teicneolaíochta faisnéise maidir le custam atá ann cheana, tosaíochtaí agus anailís chostais. Is gá, dá bhrí sin, a cheangal ar na Ballstáit timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a bhunú agus a oibriú le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE, le tacar íosta feidhmiúlachtaí lenar féidir na sonraí go léir atá i gcórais neamhchustaim an Aontais arna n-úsáid ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta a shaothrú. Ba cheart na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta sin a bheith ina gcomhchodanna náisiúnta de Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, lena gcumasódh malartú faisnéise agus comhar trí mhodhanna leictreonacha idir údaráis chustaim, údaráis inniúla chomhpháirtíochta agus oibreoirí eacnamaíocha chun comhlíonadh agus forfheidhmiú éifeachtúil na reachtaíochta custaim agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE a áirithiú.

I gcomhréir leis an gcuspóir sin, le timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam ba cheart é a chur ar a gcumas d'údaráis chustaim foirmiúlachtaí a ndéantar sonraí ina leith a tharchur ón gcóras neamhchustaim an Aontais trí CSW-CERTEX AE a fhíorú go huathoibrithe. Le timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam, ba cheart deis a bheith ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta faireachán a dhéanamh ar chainníochtaí na n-earraí údaraithe a scaoil údaráis chustaim tríd an Aontas agus iad a bhainistiú freisin ('bainistiú cainníochta'). Ba cheart é sin a áirithiú tríd an bhfaisnéis imréitigh is gá a sholáthar do chórais neamhchustaim an Aontais trí CSW-CERTEX AE. Go praiticiúil, tá bainistiú cainníochta ar leibhéal an Aontais riachtanach chun go bhféadfar forfheidhmiú feabhsaithe foirmiúlachtaí neamhchustaim a dhéanamh trí fhaireachán a dhéanamh go huathoibríoch agus go comhsheasmhach ar úsáid na gcainníochtaí údaraithe maidir le hearraí a scaoileadh, agus a ró-úsáid nó a míláimhseáil á seachaint. ***Leis na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a nascadh le CSW-CERTEX AE dhéanfaí bainistiú éifeachtúil cainníochta a éascú ar leibhéal an Aontais.***

(21) Chun próisis imréitigh earraí a shimpliú tuilleadh d’oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a bheith ina gcainéal aonair ***a d’fhéadfadh oibreoirí eacnamaíocha a úsáid, gan dochar d’úsáid cainéal cumarsáide eile atá ann cheana,*** chun cumarsáid a dhéanamh le ***húdaráis*** chustaim agus le húdaráis inniúla chomhpháirtíochta. ***Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh na timpeallachtaí sin teorainn ná bac ar aon chineál eile comhair idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta.*** Fothacar de na foirmiúlachtaí uileghabhálacha a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE is ea foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais atá faoi réir an bhirt éascaíochta breise sin. Ba cheart don Choimisiún na foirmiúlachtaí sin a shainaithint go forchéimnitheach trí mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sraith critéar atá ábhartha maidir le héascú trádála, agus a n-indéantacht dhlíthiúil agus theicniúil á cur san áireamh. Chun cur le héascú trádála tuilleadh agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht rialuithe, ba cheart é a bheith indéanta úsáid a bhaint as na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam mar ardán chun rialuithe idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(22) Ba cheart do gach Ballstát ***údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú chun gníomhú mar*** rialaitheoir na n-oibríochtaí próiseála sonraí ***a dhéantar*** laistigh dá thimpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam. Ba cheart na hoibríochtaí próiseála sonraí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Toisc go bhfuil cuid de na sonraí a thagann ó na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custaim le malartú le córais neamhchustaim an Aontais trí CSW-CERTEX AE, ba cheart ceangal a chur ar gach Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún gan moill mhíchuí faoi sháruithe ar shonraí pearsanta lena gcuirtear slándáil, rúndacht, infhaighteacht nó sláine na sonraí pearsanta a phróiseáiltear laistigh dá thimpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam i mbaol agus a mhalartaítear trí CSW-CERTEX AE.

(23) Le haghaidh próiseas imréitigh earraí lán-chomhordaithe teastaíonn nósanna imeachta lena dtacaítear le comhar digiteach agus comhroinnt faisnéise idir údaráis chustaim, údaráis inniúla chomhpháirtíochta agus oibreoirí eacnamaíocha chun foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn idir-inoibritheacht an cumas na próisis sin a reáchtáil go rianúil i gcórais agus réimsí custaim agus neamhchustaim gan comhthéacs ná ciall na sonraí a mhalartaítear a chailleadh. Chun go bhféadfaí fíorú iomlán uathoibrithe ar fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumasú, ba cheart do CSW-CERTEX AE idir-inoibritheacht theicniúil a áirithiú agus a áirithiú go bhfuil brí na sonraí ábhartha comhsheasmhach. Tá sé tábhachtach téarmaíocht chustaim agus neamhchustaim a ailíniú chun a áirithiú go gcaomhnófar agus go dtuigfear na sonraí agus an fhaisnéis a mhalartófar sna malartuithe uile idir córais neamhchustaim an Aontais agus timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam. Ina theannta sin, chun forfheidhmiú comhchuibhithe foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart do CSW-CERTEX AE na nósanna imeachta custaim nó an t-ath-onnmhairiú ar féidir na doiciméid tacaíochta a úsáid ina leith a shainaithint bunaithe ar an gcinneadh riaracháin arna chur in iúl ag an údarás inniúil comhpháirtíochta sa doiciméad tacaíochta. Ó thaobh na teicneolaíochta de, ba cheart do CSW-CERTEX AE sonraí custaim agus neamhchustaim a dhéanamh comhoiriúnach trína bhformáid nó a struchtúr a thrasfhoirmiú i gcás inar ghá, gan a n-inneachar a athrú.

(24) I bhfianaise fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear, ba cheart do CSW-CERTEX AE roinnt cuspóirí a chomhlíonadh. Ba cheart dó na sonraí ábhartha a chur ar fáil do na údaráis chustaim chun beartais rialála neamhchustaim an Aontais a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr trí fhíorú uathoibrithe na bhfoirmiúlachtaí sin; Ba cheart dó freisin na sonraí ábhartha a sholáthar do na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta chun go mbeidís in ann faireachán a dhéanamh ar an gcainníocht atá fágtha d'earraí údaraithe nach bhfuil díscríofa ag custam le linn coinsíneachtaí eile a imréiteach agus chun an chainníocht sin a chinneadh. Sa bhreis air sin, ba cheart dó tacú le prionsabal 'an ionaid ilfhreastail' a chur chun feidhme chun na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a dhéanamh, trí chomhtháthú custaim agus nósanna imeachta neamhchustaim an Aontais a éascú le haghaidh próiseas imréitigh earraí atá go hiomlán uathoibrithe.

Éilíonn roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais aistrithe sonraí idir córais chustaim náisiúnta agus an córas faisnéise agus cumarsáide a bunaíodh sa ghníomh ábhartha. Dá bhrí sin, le CSW-CERTEX AE, ba cheart **aon** mhalartú uathoibrithe faisnéise idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta a chumasú i gcás ina gceanglaítear sin leis na gníomhartha sin, gan an comhar a theorannú do na malartuithe sonraí sin amháin. Sa mhéid nach bhforáiltear don mhéid sin i ndlí an Aontais, sainíonn na Ballstáit an ghné oibríochtúil den chomhar idir údaráis chustaim agus údaráis neamhchustaim ar an leibhéal náisiúnta. ***Dá bhrí sin, tá na Ballstáit in ann feidhmiúlachtaí CSW-CERTEX AE uile a úsáid le haghaidh comhlíonadh iomlán uathoibrithe ar fhoirmiúlachtaí agus aon aistriú uathoibrithe sonraí eile idir údaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta ábhartha a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais lena mbunaítear foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais.***

(25) Chun cainéal cumarsáide aonair a bhunú leis na húdaráis a bhfuil baint acu le himréiteach earraí, leis na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam, ba cheart é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha na sonraí riachtanacha atá ag teastáil mar gheall ar an reachtaíocht chustaim agus reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í a thíolacadh ag pointe aonair agus aiseolas leictreonach faoi aon fhaisnéis ghaolmhar a fháil ó na húdaráis lena mbaineann go díreach ón bpointe sin. ***Féadfar fógraí faoi chinntí custaim a áireamh san aiseolas sin.*** Ba cheart é a bheith indéanta an cainéal cumarsáide aonair a úsáid le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE, agus iad sin amháin, ar foirmiúlachtaí iad a aithnítear go mbeadh bearta éascaithe oiriúnach dóibh.

(26) Tá forluí suntasach ann idir na sonraí a áirítear sa dearbhú custaim *nó sa dearbhú ath-onnmhairiúcháin* agus na sonraí a áirítear sna doiciméid tacaíochta is gá ▌ ***le haghaidh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn***. Chun go bhféadfar sonraí a athúsáid ionas nach mbeidh ar oibreoirí eacnamaíocha na sonraí céanna a sholáthar níos mó ná an t-aon uair amháin, is gá na ceanglais maidir le sonraí a réiteach agus a chuíchóiriú le haghaidh foirmiúlachtaí custaim agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún na heilimintí sonraí a áirítear sa dearbhú custaim *nó sa dearbhú ath-onnmhairiúcháin* araon agus *sna* doiciméid tacaíochta▌ ***le haghaidh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn ('tacar comhchoiteann sonraí')*** a shainaithint. Ba cheart don Choimisiún na heilimintí sonraí nach bhfuil ag teastáil ach faoi reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í a shainaithint freisin ('tacair sonraí údaráis inniúil comhpháirtíochta▌ ). Ba cheart gur tacar comhtháite sonraí a bheadh sa tacar comhchoiteann sonraí, sa tacar sonraí ón údarás inniúil comhpháirtíochta agus sa tacar sonraí nach n-éilíonn ach na húdaráis chustaim amháin, lena n-áirítear an fhaisnéis uile a bhaineann le himréiteach atá ag teastáil chun na foirmiúlachtaí custaim agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE a chomhlíonadh.

(27) Chun gur féidir foirmiúlachtaí custaim agus neamhchustaim a dhéanann difear do na gluaiseachtaí earraí céanna a chomhlíonadh, ba cheart go gcuirfeadh timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam, i gcás córais neamhchustaim éigeantacha de chuid an Aontais, nó d'fhéadfadh sé, i gcás córais neamhchustaim dheonacha de chuid an Aontais, ar chumas oibreoirí eacnamaíocha na sonraí uile a chur isteach a éilíonn an iliomad údarás rialála chun na hearraí a chur faoi nósanna imeachta custaim nó iad a ath-onnmhairiú trí thacar comhtháite sonraí. ***Ag brath ar fhoirmiúlacht shonrach neamhchustaim an Aontais, ba cheart é a bheith*** indéanta na sonraí sin a chur isteach *ag pointí éagsúla ama, agus in* éineacht leis an dearbhú custaim ***nó leis an dearbhú ath-onnmhairithe*** a taisceadh roimh thíolacadh ionchasach na n-earraí do na ***húdaráis*** chustaim, i gcomhréir le hAirteagal 171 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. ***D'fhágfadh na tíolacthaí sin go bhféadfaí prionsabal na haonuaire a chomhlíonadh. Ba cheart na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam an tacar sonraí comhtháite a úsáid chun an tacar coiteann sonraí agus tacar sonraí an údaráis inniúil chomhpháirtíochta a tharchur chuig CSW-CERTEX AE, agus na sonraí coiteanna agus sonracha a theastaíonn ó lucht custaim chuig na húdaráis chustaim.***

(28) Chun an fhaisnéis a sholáthraíonn na hoibreoirí eacnamaíocha trí na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a tharchur chuig na húdaráis uile lena mbaineann, le CSW-CERTEX AE ba cheart an malartú faisnéise is gá idir custam agus réimsí neamhchustaim a bheith indéanta. Go háirithe, ba cheart do CSW-CERTEX AE na sonraí is gá a fháil ó na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam chun foirmiúlachtaí neamhchustaim is infheidhme an Aontais a chomhlíonadh agus iad a tharchur chuig an gcóras neamhchustaim an Aontais faoi seach. Leis an malartú sin ba cheart é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla chomhpháirtíochta an fhaisnéis a tharchuirtear chuig na córais neamhchustaim de chuid an Aontais faoi seach a athbhreithniú agus a gcinntí imréitigh a dhéanamh ar cheart a chur ar aghaidh chuig údaráis chustaim trí CSW-CERTEX AE. Ba cheart d’údaráis chustaim, dá réir sin, an fhaisnéis sin a tharchur chuig na hoibreoirí eacnamaíocha trí na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam. Ba cheart an uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíocha (‘uimhir EORI’) a úsáid mar aitheantóir chun an fhaisnéis a bhaineann leis na malartuithe sin a chomhroinnt agus a chrostagairt.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, mar aitheantóir le haghaidh gach plé le húdaráis chustaim san Aontas sanntar uimhir EORI do gach oibreoir eacnamaíoch a bhíonn ag gabháil d'oibríochtaí custaim. Coinníonn an Coimisiún córas lárnach EORI ar bun chun sonraí a bhaineann le EORI a stóráil agus a láimhseáil. Chun comhar idir na húdaráis éagsúla atá páirteach sa phróiseas imréitigh earraí a éascú, ba cheart rochtain a bheith ag na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta ar chóras EORI chun an uimhir EORI is féidir a iarraidh ó oibreoirí eacnamaíocha i gcomhthéacs a bhfoirmiúlachtaí a bhailíochtú.

(30) Tá dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit riachtanach chun na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le feidhmiú éifeachtach Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a chomhordú. ***Cabhróidh sé sin freisin chun an bhearna idir leibhéil éagsúla digiteála agus ullmhachta digití a dhúnadh, agus ar an gcaoi sin chun aon saobhadh a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc.*** I bhfianaise raon feidhme leathan éagsúil na ngníomhaíochtaí sin, ní mór do gach Ballstát údarás inniúil a cheapadh mar chomhordaitheoir náisiúnta. Gan dochar d'eagrúchán inmheánach na riarachán náisiúnta, ba cheart don chomhordaitheoir náisiúnta a bheith ina phointe teagmhála le haghaidh an Choimisiúin, agus ba cheart dó comhar a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus idir-inoibritheacht córais á áirithiú aige ag an am céanna. Ba cheart don Choimisiún comhordú a sholáthar i gcás inar gá, agus cuidiú le forfheidhmiú éifeachtúil foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a áirithiú.

(31) Gabhann costais áirithe cur chun feidhme le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a fhorbairt. Tá sé tábhachtach na costais sin a leithdháileadh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ar an mbealach is iomchuí ag brath ar chineál na seirbhísí a sholáthraítear. Ba cheart don Choimisiún costais a iompar a bhaineann le forbairt, cothabháil agus oibriú CSW-CERTEX AE, arb é an chomhpháirt lárnach de Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, agus na costais a bhaineann lena chomhéadain le córais neamhchustaim an Aontais a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit costais a iompar a bhaineann leis an ról atá acu comhéadain le CSW-CERTEX AE a áirithiú agus timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú.

(32) Teastaíonn pleanáil mhionsonraithe chun foirmiúlachtaí neamhchustaim áirithe de chuid an Aontais a chomhtháthú de réir a chéile ó réimsí éagsúla beartais go CSW-CERTEX AE. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún clár oibre a ullmhú chun na foirmiúlachtaí sin a ionchorprú i CSW-CERTEX AE agus chun naisc a fhorbairt idir córais neamhchustaim an Aontais lena ndéantar na foirmiúlachtaí sin agus CSW-CERTEX AE a phróiseáil. Ba cheart gurb é príomhchuspóir an chláir oibre tacú le ceanglais oibríochtúla agus amlíne chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin, ***agus aird ar leith á tabhairt ar na forbairtí TF is gá, inter alia, i dtimpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam***. Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an gclár oibre chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn foriomlán maidir leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, agus ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta gach 3 bliana ar a laghad.

(33) Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh go rialta ***ar staid forbartha*** Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus ar an bhféidearthacht a húsáid a leathnú tuilleadh. ***Chuige sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a ullmhú maidir le staid chur chun feidhme Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam, trí thagairt a dhéanamh don chlár oibre. Thairis sin, ba cheart a áireamh sa tuarascáil sin freisin forléargas mionsonraithe ar fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais atá ann cheana agus ar na foirmiúlachtaí sin a áirítear i dtograí reachtacha an Choimisiúin, chun críche forléargas soiléir a thabhairt ar staid digiteála na bhfoirmiúlachtaí ag an teorainn. Thairis sin, ba cheart a áireamh sa tuarascáil sin, gach 3 bliana ar a laghad, torthaí an fhaireacháin rialta ar fheidhmiú Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam.*** I dteannta an fhaireacháin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh freisin ar fheidhmíocht CSW-CERTEX AE chun forfheidhmiú éifeachtúil fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún tuarascálacha measúnachta rialta ar fheidhmiú Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.

Sna tuarascálacha sin ba cheart breithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, réimsí a shainaithint a d'fhéadfaí a fheabhsú agus moltaí a dhéanamh maidir leis an todhchaí i bhfianaise an dul chun cinn a dhéanfar i dtreo comhar digiteach feabhsaithe idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta a bhfuil baint acu le himréiteach earraí chun próisis shimplithe le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha agus forfheidhmiú éifeachtúil fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a áirithiú. ***Ba cheart a chur san áireamh sna tuarascálacha sin freisin faisnéis ábhartha arna soláthar ag na Ballstáit maidir le, inter alia, na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam. Chun críche faireacháin agus tuairiscithe, ba cheart don Choimisiún idirphlé leanúnach a eagrú agus a choinneáil ar bun leis na Ballstáit, le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus le páirtithe ábhartha eile.***

***(34) Chun córais nua TF a fhorbairt agus chun córais TF atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta, is gá iarrachtaí suntasacha a dhéanamh ó thaobh infheistíocht airgeadais agus infheistíocht dhaonna, go háirithe in TF féin. Leis an Rialachán seo, déantar na bearnaí idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta a dhúnadh, agus soláthraítear creat le haghaidh comhoibriú digiteach nach mór a chur chun feidhme ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, chun pleanáil agus amlínte iomchuí a áirithiú, moltar do na Ballstáit measúnuithe tionchair a dhéanamh ar a gcórais, próisis agus pleanáil náisiúnta agus an fhaisnéis is gá a sholáthar, ar bhealach tráthúil, don Choimisiún, d'fhonn reachtóireacht níos fearr a chur chun cinn, go háirithe maidir le gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[15].***

[15] ***IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.***

(35) Chun a áirithiú go mbeidh feidhmiú Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam éifeachtúil agus éifeachtach, ba cheart an chumhacht maidir le gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an leasaithe ar liosta d'fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE san Iarscríbhinn; an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na heilimintí sonraí atá le malartú trí CSW-CERTEX AE a shonrú; agus lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an ***tacar coiteann sonraí a shainaithint in*** éineacht le tacar sonraí an ***údaráis inniúil comhpháirtíochta*** le haghaidh gach gníomh ábhartha de chuid an Aontais is infheidhme maidir le foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais arna gcomhtháthú in CSW-CERTEX AE. ***Agus liosta d'fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le CSW-CERTEX AE á leasú, ba cheart don Choimisiún na dátaí a chinneadh freisin ar cheart na córais neamhchustaim an Aontais agus timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam faoi seach a nascadh le CSW-CERTEX AE, ar a dhéanaí. Ba cheart na dátaí sin a bhunú agus dhá ghné á gcur san áireamh: ar an gcéad dul síos, na dátaí faoina bhfuil oibleagáidí áirithe ó reachtaíocht an Aontais le comhlíonadh, chun a áirithiú gur féidir Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a úsáid chun na críche sin agus ar an dara dul síos, na hionaid ilfhreastail a úsáidtear go coitianta le haghaidh córais chustaim.***

***D'fhéadfadh na Ballstáit córais áirithe neamhchustaim an Aontais agus an timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a nascadh le CSW-CERTEX AE níos luaithe ná na dátaí a leagtar síos san Iarscríbhinn.*** Tá sé tábhachtach, go sonrach, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(36) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis na freagrachtaí faoi seach a bhunú atá ar na rialaitheoirí comhpháirteacha maidir leis na hoibleagáidí faoi Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh; a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha a ghlacadh maidir leis an malartú faisnéise atá le próiseáil trí CSW-CERTEX AE, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, aon riail shonrach chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú; a mhéid a bhaineann le foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais atá comhtháthaithe in CSW-CERTEX AE ar féidir iad a bheith faoi réir comhar digiteach breise a chinneadh; a mhéid a bhaineann le socruithe nós imeachta a ghlacadh le haghaidh malartuithe breise faisnéise arna bpróiseáil trí CSW-CERTEX AE, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, aon riail shonrach lena rialaítear cosaint na sonraí pearsanta agus a mhéid a bhaineann le cláir oibre a ghlacadh chun tacú le cur chun feidhme na bhforálacha a bhaineann le córais ábhartha neamhchustaim an Aontais a nascadh le CSW-CERTEX AE agus le comhtháthú fhoirmiúlachtaí neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais faoi seach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

---

**16** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(37) Ós rud é go gcuirtear sásra i bhfeidhm leis an Rialachán seo lenar féidir leis na húdaráis chustaim foirmiúlachtaí a dhéanann difear don phróiseas imréitigh earraí a fhorfheidhmiú, is gá é agus a chuid forálacha cur chun feidhme agus forálacha forlíontacha a chur san áireamh sa sainmhíniú ar reachtaíocht chustaim a leagtar amach in Airteagal 5, pointe 2, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Tá an cur chuige seo i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán sin, lena gcuirtear de chúram ar údaráis chustaim slándáil agus sábháilteacht an Aontais agus a chuid cónaitheoirí a áirithiú i ndlúthchomhar le húdaráis eile i gcás inarb iomchuí, agus an trádáil á héascú ag an am céanna. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a leasú chun Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a áireamh ar liosta na reachtaíochta custaim atá ann. Sonraítear in Airteagal 163(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 gur gá na doiciméid tacaíochta, atá ag teastáil chun na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim ábhartha ***nó an t-ath-onnmhairiú*** a chur i bhfeidhm, a bheith i seilbh an dearbhóra agus ar fáil do na húdaráis chustaim tráth a dtaiscfear an dearbhú custaim ***nó an dearbhú ath-onnmhairithe***. Ós rud é go mbeidh na húdaráis chustaim in ann na sonraí riachtanacha a bhaineann le foirmiúlachtaí neamhchustam an Aontais a fháil trí CSW-CERTEX AE, ba cheart a mheas go bhfuil an oibleagáid sin comhlíonta. Dá bhrí sin, chun nósanna imeachta custaim agus neamhchustaim an Aontais a chomhtháthú níos fearr, lena bhféadfaidís feidhmiú go comhuaineach, ba cheart Airteagal 163(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a leasú dá réir.

(38) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an ***20 Samhain 2020***.

(39) Chun foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a lánpháirtiú in CSW-CERTEX AE, ní mór bonneagar nua teicneolaíochta faisnéise a chur chun feidhme chun naisc a bhunú idir na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus córais neamhchustaim an Aontais, na sonraí atá le malartú a shainaithint, agus chun sonraíochtaí teicniúla agus feidhmiúla a fhorbairt. Dá bhrí sin, ba cheart an t-uainiú is gá chun na forbairtí sin a chur ar aghaidh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Thairis sin, táthar ag súil go dtógfaidh sé i bhfad níos mó ama bearta breise maidir le comhar digiteach a chur chun feidhme, toisc gur gá foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais lena mbaineann a shainaithint roimh ré chomh maith leis na forbairtí teicniúla ábhartha. Is gá, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm forálacha áirithe de chuid an Rialacháin seo a chur siar.

(40) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon forfheidhmiú feabhsaithe cheanglais rialála an Aontais thar theorainneacha an Aontais agus éascú na trádála idirnáisiúnta, i ngeall ar an nádúr trasnáisiúnta a bhaineann le gluaiseacht earraí thar theorainneacha agus castacht na gluaiseachta sin,agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I
# Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam ('Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim') ina soláthraítear sraith chomhtháite seirbhísí leictreonacha idir-inoibritheacha, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta trí Chóras Malartaithe Deimhnithe Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, chun tacú le hidirghníomhú agus ***cur le*** malartú faisnéise idir na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus na córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

Leagtar síos leis rialacha maidir leis na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus rialacha maidir leis an gcomhar riaracháin digiteach agus malartú faisnéise ***trí thacair sonraí idir-inoibritheacha***, laistigh de Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘údaráis chustaim’ ‘údaráis chustaim’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(2) ciallaíonn ‘an reachtaíocht chustaim’ ‘an reachtaíocht chustaim’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe 2, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(3) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ ‘oibreoir eacnamaíoch’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (5), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(4) ciallaíonn ‘foirmiúlachtaí custaim’ ‘foirmiúlachtaí custaim’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (8), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(5) ciallaíonn ‘dearbhú custaim’ ‘dearbhú custaim’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (12), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(6) ciallaíonn ‘dearbhú ath-onnmhairithe’ ‘dearbhú ath-onnmhairithe’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (13), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(7) ciallaíonn ‘dearbhóir’ ‘dearbhóir’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (15), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(8) ciallaíonn ‘nós imeachta custaim’ ‘nós imeachta custaim’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (16), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(9) ciallaíonn 'timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam' sraith seirbhísí leictreonacha ***arna bunú*** ag Ballstát chun gur féidir faisnéis a mhalartú idir córais leictreonacha ***a údaráis*** custaim, na n-údarás inniúil comhpháirtíochta agus na n-oibreoirí eacnamaíocha;

(10) ciallaíonn 'údarás inniúil comhpháirtíochta' aon údarás de chuid Ballstáit, nó an Coimisiúin, a dtugtar de chumhacht dóibh feidhm ainmnithe a dhéanamh i ndáil le foirmiúlachtaí neamhchustaim ábhartha an Aontais a chomhlíonadh;

(11) ciallaíonn 'foirmiúlacht neamhchustaim an Aontais' na h***oibríochtaí uile ar gá oibreoir eacnamaíoch nó údarás inniúil comhpháirtíochta iad a chur i gcrích*** le haghaidh ***gluaiseacht*** idirnáisiúnta earraí, mar a leagtar síos i reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í;

(12) ciallaíonn 'doiciméad tacaíochta' aon ***doiciméad riachtanach*** arna eisiúint ***ag údarás*** inniúil comhpháirtíochta ***nó arna tharraingt suas ag oibreoir eacnamaíoch, nó aon fhaisnéis riachtanach arna soláthar ag oibreoir eacnamaíoch,*** chun a dheimhniú gur comhlíonadh foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais;

(13) ciallaíonn 'bainistiú cainníochta' faireachán a dhéanamh ar chainníocht na n-earraí atá údaraithe ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta i gcomhréir le reachtaíocht de chuid ▌ an Aontais ***nach reachtaíocht chustaim í,*** bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na húdaráis chustaim ▌ agus bainistiú na cainníochta sin;

(14) ciallaíonn 'córas neamhchustaim an Aontais' córas leictreonach de chuid an Aontais ***arna bhunú le reachtaíocht an Aontais, arna úsáid chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear sa reachtaíocht sin, chun*** faisnéis ***a stóráil maidir le comhlíonadh fhoirmiúlacht*** neamhchustaim an Aontais faoi seach;

***(15) ciallaíonn 'Uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (uimhir EORI)' 'Uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (uimhir EORI)' mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (18), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún[17];***

***(16) ciallaíonn 'córas EORI' an córas arna bhunú chun críocha Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.***

---

[17] ***Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).***

Airteagal 3

Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a bhunú

***1.*** Déantar Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a bhunú. Áireofar inti***:***

***(a)*** córas ***leictreonach*** Malartaithe Deimhnithe de chuid Ionad Ilfhreastail AE maidir le Custam***;***

***(b)*** timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam***;***

***(c)*** na córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear i ***gCuid A den*** Iarscríbhinn, ***a bhfuil a n-úsáid éigeantach faoi dhlí an Aontais***;

***(d) na córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear i gCuid B den Iarscríbhinn, a bhfuil a n-úsáid deonach faoi dhlí an Aontais.***

2. ***Déanfar Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus a chomhpháirteanna a dhearadh, a idirnascadh agus a oibriú i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta agus cibearshlándáil, agus úsáid á baint as na teicneolaíochtaí is iomchuí ag féachaint do shaintréithe sonracha na sonraí agus na gcóras leictreonach sonrach lena mbaineann, agus do chuspóirí na gcóras sin.***

## Caibidil II

## Córas Malartaithe Deimhnithe de chuid Ionad Ilfhreastail AE maidir le Custam

Airteagal 4

Córas leictreonach Malartaithe Deimhnithe de chuid Ionad Ilfhreastail AE maidir le Custam a bhunú

Bunaítear ***an*** Córas leictreonach Malartaithe Deimhnithe de chuid Ionad Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE) ***chun malartú faisnéise a chumasú, dá bhforáiltear i gCaibidil IV***. Le CSW-CERTEX AE déanfar na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a nascadh leis na córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

Airteagal 5

Róil agus freagrachtaí CSW-CERTEX AE

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, CSW-CERTEX AE a fhorbairt, a chomhtháthú agus a oibriú.

2. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

***(a)*** na córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear san Iarscríbhinn a nascadh le CSW-CERTEX AE ***faoi na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn*** agus malartú faisnéise ar na foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear inti a chumasú;

***(b) treoir agus cúnamh tráthúil a chur ar fáil do na Ballstáit nuair a nascann siad le CSW-CERTEX AE dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5.***

***3. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún oiliúint ar CSW-CERTEX AE ar fáil, déanfaidh sé amhlaidh faoi Rialachán (AE) 2021/444 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18].***

**18** ***Rialachán (AE) 2021/444 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2021 lena mbunaítear an Clár Custaim chun comhar a dhéanamh i réimse an chustaim agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1294/2013 (OJ L 87, 15.3.2021, lch. 1).***

4. Déanfaidh na Ballstáit***, le cúnamh ón gCoimisiún i gcás inar gá,*** na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a nascadh le CSW-CERTEX AE ***faoi na dátaí a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn*** agus malartú faisnéise ar na foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear i gCuid A ***di*** a chumasú.

***5. Féadfaidh na Ballstáit, le cúnamh ón gCoimisiún, i gcás inar gá, na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a nascadh le CSW-CERTEX AE agus malartú faisnéise ar na foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear i gCuid B Iarscríbhinn a chumasú.***

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 ***chun Cuid A*** den Iarscríbhinn ***a leasú, a mhéid a bhaineann le*** foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais***, a gcórais neamhchustaim faoi seach de chuid an Aontais mar a leagtar síos i reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í, agus an dáta le haghaidh na nasc dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4***.

*7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 chun Cuid B den Iarscríbhinn a leasú a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:*

*(a) Foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais agus a gcórais neamhchustaim an Aontais faoi seach a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í, i gcás ina gceanglaítear dá bhforáiltear sa reachtaíocht sin CSW-CERTEX AE a úsáid;*

*(b) Foirmiúlachtaí agus córais neamhchustaim an Aontais faoi Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] agus Rialacháin (CE) Uimh. 2173/2005[20] agus (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle[21]; agus*

*(c) an dáta don nasc dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), den Airteagal seo i gcás na gcóras neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den mhír seo.*

---

19 *Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).*

20 *Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).*

21 *Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialú (IO L 61, 3.3.1997, lch. 1).*

Airteagal 6

Próiseáil sonraí pearsanta in CSW-CERTEX AE

1. Ní féidir sonraí pearsanta a phróiseáil in CSW-CERTEX AE ach amháin chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun ligean don mhalartú faisnéise idir ***na timpeallachtaí*** ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus na córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear san Iarscríbhinn a mhéid a bhaineann le foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear inti;

(b) chun an claochlú ***gnó agus teicniúil*** a dhéanamh ar na sonraí a liostaítear in Airteagal 10(2) a dhéanamh, i gcás inar gá chun an malartú faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a chumasú.

2. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil in CSW-CERTEX AE ach amháin i ndáil leis na catagóirí seo a leanas d’ábhair sonraí:

(a) daoine nádúrtha a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta sa dearbhú custaim ***nó sa dearbhú ath-onnmhairithe***;

(b) daoine nádúrtha a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta sna doiciméid tacaíochta, nó in aon fhianaise dhoiciméadach eile atá ag teastáil chun foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a chomhlíonadh;

(c) baill foirne údaraithe d’údaráis chustaim, údaráis inniúla chomhpháirtíochta ▌ nó aon údarás nó comhlacht údaraithe ábhartha eile a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta in aon doiciméad dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b);

(d) baill foirne den Choimisiúin agus soláthraithe tríú páirtí a ghníomhaíonn thar ceann an Choimisiúin a dhéanann oibríochtaí agus gníomhaíochtaí cothabhála a bhaineann le CSW-CERTEX AE.

3. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil in CSW-CERTEX AE ach amháin i ndáil leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

(a) ainm, seoladh, cód tíre agus uimhir aitheantais na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b), agus atá ag teastáil mar gheall ara éilítear ón reachtaíocht chustaim nó reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í chun foirmiúlachtaí custaim agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chomhlíonadh;

(b) ainm agus síniú na mball foirne dá dtagraítear i mír 2, pointí (c) agus (d).

4. ***Cé is moite de logleabhair theicniúla lena léirítear na doiciméid tacaíochta a mhalartaítear agus sreabhadh na malartuithe sin,*** ní stórálfaidh CSW-CERTEX AE aon fhaisnéis a mhalartófar idir na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus córais neamhchustaim an Aontais.

5. Déanfar claochlú na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus úsáid á baint as bonneagar teicneolaíochta faisnéise atá lonnaithe san Aontas.

Airteagal 7

Rialú comhpháirteach CSW-CERTEX AE

1. A mhéid a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta in CSW-CERTEX AE, beidh an Coimisiún ina rialaitheoir comhpháirteacha de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus beidh údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta ***na mBallstát atá freagrach as foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn*** ina rialaitheoirí comhpháirteacha de réir bhrí Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena mbunófar freagrachtaí faoi seach na rialaitheoirí comhpháirteacha chun na hoibleagáidí faoi Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22***(2)*** den Rialachán seo.

3. Déanfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha an méid seo a leanas:

(a) oibreoidh siad le chéile chun iarrataí arna ndéanamh ag ábhair sonraí a phróiseáil go tráthúil;

(b) tabharfaidh siad cúnamh dá chéile maidir le hábhair a bhaineann le haon sárú ar shonraí pearsanta a bhaineann le comhphróiseáil a aithint agus a láimhseáil;

(c) malartóidh siad an fhaisnéis ábhartha is gá chun ábhair sonraí a chur ar an eolas de bhun ***Chaibidil III,*** Roinn 2, de Rialachán (AE) 2016/679 agus de bhun ***Chaibidil III,*** Roinn 2, de Rialachán (AE) 2018/1725;

(d) déanfaidh siad slándáil, sláine, infhaighteacht agus rúndacht na sonraí pearsanta a phróiseáiltear go comhpháirteach de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1725 a áirithiú agus a chosaint.

## Caibidil III

## Timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam

Airteagal 8

Timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam **a bhunú**

1. Bunóidh ***gach Ballstát timpeallacht*** ionaid ilfhreastail ***náisiúnta*** maidir le custam ***agus*** beidh sé freagrach as ***a*** forbairt, ***a*** comhtháthú agus ***a*** hoibriú.

2. Leis na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam beidh malartú faisnéise agus comhar trí mhodhanna leictreonacha indéanta idir údaráis chustaim, údaráis inniúla chomhpháirtíochta agus oibreoirí eacnamaíocha ***trí CSW-CERTEX AE*** ar mhaithe leis an reachtaíocht chustaim agus na foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú go héifeachtúil.

3. ***Maidir leis na foirmiúlachtaí agus córais neamhchustaim an Aontais a liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn,*** soláthrófar na feidhmiúlachtaí seo a leanas leis na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam:

▌

***(a)*** cainéal cumarsáide aonair le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha ***a d'fhéadfadh é a úsáid*** chun na foirmiúlachtaí custaim ábhartha agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais atá faoi réir comhar digiteach breise i gcomhréir le hAirteagal 12 a chomhlíonadh;

(b) ▌ bainistiú cainníochta a bhaineann le foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais***, i gcás inarb infheidhme***; ***agus***

▌

***(c) fíorú uathoibríoch ar chomhlíonadh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn bunaithe ar na sonraí a fhaigheann údaráis chustaim trí CSW-CERTEX AE ó chórais neamhchustaim an Aontais.***

***4.*** ***Maidir le gach ceann d'fhoirmiúlachtaí agus de chórais neamhchustaim an Aontais a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn, i gcás ina bhfuil an timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam nasctha le CSW-CERTEX AE i gcomhréir le hAirteagal 5(5), soláthrófar leis an timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam na feidhmiúlachtaí uile a liostaítear i mír 3 den Airteagal seo.***

5. Féadfar na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a úsáid mar ardán chun rialuithe a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) 952/2013 a chomhordú.

Airteagal 9

Próiseáil sonraí pearsanta laistigh de na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam

1. An phróiseáil sonraí pearsanta laistigh de na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam**,** ▌ i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679***, déanfar í*** ar leithligh ó na hoibríochtaí próiseála dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo.

2. ***Ainmneoidh*** gach Ballstát ***údarás inniúil amháin nó níos mó chun gníomhú mar*** rialaitheoir aonair ar na hoibríochtaí próiseála sonraí a tharlóidh laistigh dá thimpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam.

3. ***Cé is moite de sháruithe nach mbaineann le sonraí a mhalartaítear le CSW-CERTEX AE,*** tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún maidir le haon ***sárú*** ar shonraí pearsanta ***a chuireann*** slándáil, rúndacht, infhaighteacht nó sláine na sonraí pearsanta a phróiseáiltear laistigh dá thimpeallacht ionaid ilfhreastail ***náisiúnta*** maidir le custam ***i mbaol***.

## Caibidil IV
## An comhar digiteach – malartú faisnéise agus rialacha eile nós imeachta

### ROINN 1
### AN COMHAR DIGITEACH A BHAINEANN LE FOIRMIÚLACHTAÍ NEAMHCHUSTAIM AN AONTAIS

Airteagal 10

Faisnéis a mhalartaítear agus a phróiseáiltear trí CSW-CERTEX AE ***agus a húsáid***

1. Le haghaidh gach ceann d'fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn, trí CSW-CERTEX AE beifear ábalta faisnéis a mhalartú idir na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus córais neamhchustaim ábhartha an Aontais ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) na sonraí ábhartha a chur ar fáil d’údaráis chustaim, ionas go mbeidh siad in ann an fíorú is gá a dhéanamh ar na foirmiúlachtaí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ar bhealach uathoibrithe;

(b) na sonraí ábhartha a chur ar fáil d’údaráis inniúla chomhpháirtíochta ionas go mbeidh siad in ann an bainistiú cainníochta a dhéanamh i leith earraí údaraithe i gcórais neamhchustaim an Aontais bunaithe ar na hearraí a dhearbhaítear le húdaráis chustaim agus a scaoileann na húdaráis sin;

(c) chun comhtháthú nósanna imeachta idir ***údaráis*** chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta a éascú ***agus tacú*** leo, ar mhaithe le ***comhlíonadh iomlán uathoibrithe na bhfoirmiúlachtaí is gá chun na*** hearraí ***a chur faoi nós imeachta custaim nó chun iad a ath-onnmhairiú, agus an comhar maidir le*** comhordú rialuithe i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ***gan dochar do chur chun feidhme náisiúnta na nósanna imeachta sin***;

(d) chun aon aistriú uathoibrithe eile sonraí idir ***údaráis*** chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta ábhartha a éilíonn reachtaíocht an Aontais ***lena mbunaítear foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumasú gan dochar d'úsáid náisiúnta na sonraí sin***.

2. Maidir leis na foirmiúlachtaí neamhchustaim uile de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn, soláthróidh CSW-CERTEX AE na feidhmiúlachtaí seo a leanas:

(a) téarmaíocht chustaim agus neamhchustaim a ailíniú i gcás inar féidir, agus ***an nós*** imeachta custaim ***nó an t-ath-onnmhairiú*** ar féidir ***an doiciméad*** tacaíochta a úsáid ina leith a shainaithint bunaithe ar ***chinneadh*** riaracháin an údaráis inniúil comhpháirtíochta arna ***chur*** in iúl ***sa doiciméad*** tacaíochta; agus

(b) formáid na sonraí atá ag teastáil chun na foirmiúlachtaí neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais a chomhlíonadh a ***chlaochlú, i gcás inar gá,*** i bhformáid a bheidh ag luí leis an dearbhú custaim ***nó leis an dearbhú ath-onnmhairithe*** agus *vice versa*, gan inneachar na sonraí a athrú.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na heilimintí sonraí atá le malartú trí CSW-CERTEX AE i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo a shonrú.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena mbunaítear rialacha sonracha maidir leis an malartú faisnéise dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, aon riail shonrach chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta ***scrúdúcháin*** dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

## ROINN 2
## AN COMHAR DIGITEACH BREISE A BHAINEANN LE FOIRMIÚLACHTAÍ NEAMHCHUSTAIM AN AONTAIS

Airteagal 11

Comhlíonadh ***fhoirmiúlachtaí*** custaim agus fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chuíchóiriú

***1.*** Maidir le foirmiúlachtaí agus córais neamhchustaim an Aontais a liostaítear i ***gCuid A*** den Iarscríbhinn, soláthróidh na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam na feidhmiúlachtaí seo a leanas:

(a) a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis ábhartha a chur isteach atá ag teastáil chun na foirmiúlachtaí custaim is infheidhme agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chomhlíonadh; ***agus***

(b) aiseolas leictreonach ó údaráis chustaim agus ó ***údaráis*** inniúla chomhpháirtíochta ***maidir le*** comhlíonadh fhoirmiúlachtaí custaim agus fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais ***a chur in iúl*** d'oibreoirí eacnamaíocha.

***2.	Maidir le foirmiúlachtaí agus córais neamhchustaim an Aontais a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn, féadfaidh na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam na feidhmiúlachtaí a liostaítear i mír 1 a sholáthar. Sa chás sin, soláthrófar an tacar céanna feidhmiúlachtaí leo siúd a liostaítear i mír 1.***

Airteagal 12

Foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais faoi réir comhar digiteach breise

1.	Beidh foirmiúlacht neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn faoi réir Airteagal 8(3), pointe (***a***), agus Airteagail 11, 13, 14 agus 15 ▌, ar choinníoll gur chinn an Coimisiún, i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, go gcomhlíontar, leis an bhfoirmiúlacht lena mbaineann, na critéir a leagtar amach sa mhír sin.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena gcinntear na foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn lena gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

(a) go bhfuil forluí áirithe ann idir na sonraí atá le háireamh sa ***dearbhú custaim nó sa dearbhú ath-onnmhairithe agus na sonraí atá le háireamh sna*** doiciméid tacaíochta ***is gá le haghaidh fhoirmiúlachtaí*** neamhchustaim an Aontais ***a liostaítear san Iarscríbhinn***;

(b) nach bhfuil líon na ndoiciméad tacaíochta a eisíodh san Aontas le haghaidh na foirmiúlachta sonraí diomaibhseach;

(c) gur féidir leis an gcóras comhfhreagrach neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear san Iarscríbhinn na hoibreoirí eacnamaíocha a shainaithint ***trína*** n-uimhir EORI;

(d) gur féidir an fhoirmiúlacht shonrach a chomhlíonadh leis an reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í trí na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam i gcomhréir le hAirteagal 11.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta ***scrúdúcháin*** dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

Airteagal 13

Comhchuibhiú agus cuíchóiriú sonraí

1. Sainaithneoidh an Coimisiún an ***tacar*** comhchoiteann sonraí ***atá riachtanach*** don dearbhú custaim ***nó don dearbhú ath-onnmhairithe*** agus ***do*** na doiciméid tacaíochta ***is gá le haghaidh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn ('tacar comhchoiteann sonraí').***

2. Sainaithneoidh ***an Coimisiún*** freisin na heilimintí sonraí breise atá faoi réir reachtaíocht an Aontais amháin nach reachtaíocht chustaim í. Déanfar na heilimintí sonraí breise sin a shainaithint leis an acrainm comhfhreagrach den fhoirmiúlacht neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn, agus an iarmhír 'tacar sonraí údaráis inniúil comhpháirtíochta ▌' ina dhiaidh.

3. An ***tacar comhchoiteann*** sonraí agus na heilimintí sonraí breise dá dtagraítear i mír 2 agus ***an tacar sonraí*** atá ag teastáil chun na hearraí a chur faoi nós imeachta custaim sonrach ***nó iad a ath-onnmhairiú***, beidh siad ina ***dtacar sonraí*** comhtháite ina mbeidh na sonraí uile a bheidh de dhíth ar ***údaráis*** chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta ▌.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí shainaithint a dhéanamh, de pháirt amháin, ar eilimintí sonraí ***den tacar*** comhchoiteann ***sonraí dá dtagraítear i mír 1*** den Airteagal seo agus, den pháirt eile, ***na heilimintí sonraí breise dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo*** le haghaidh gach ceann de na gníomhartha ábhartha de chuid an Aontais is infheidhme maidir le foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn.

Airteagal 14

Sonraí custaim agus sonraí neamhchustaim an Aontais á gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha

1. Chun críocha Airteagal 11(1), pointe (a), leis na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam féadfar é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha ▌ ***tacar*** sonraí comhtháite ***dá dtagraítear in Airteagal 13(3)*** a thíolacadh, ***lena n-áirítear*** an ***dearbhú*** custaim ***nó an dearbhú ath-onnmhairithe***, roimh thíolacadh na n-earraí, i gcomhréir le hAirteagal 171 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

2. Measfar gurb éard a bheidh sa ***tacar sonraí*** comhtháite a thíolacfar i gcomhréir le mír 1, de réir mar is iomchuí, an dearbhú custaim ***nó an dearbhú ath-onnmhairithe*** agus ***tíolacadh na sonraí arna n-éileamh ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta*** le haghaidh ***fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn***.

Airteagal 15

Malartú faisnéise breise a phróiseáiltear trí CSW-CERTEX AE

1. Le CSW-CERTEX AE beifear ábalta an malartú faisnéise is gá a dhéanamh idir timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus córais neamhchustaim an Aontais ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) na sonraí a sainaithníodh ***mar an tacar comchoiteann sonraí*** a tharchur de bhun Airteagal 13***(1)***, chomh maith leis na heilimintí sonraí breise is infheidhme a shainaithnítear de bhun Airteagal 13(2) ('tacar sonraí ***údaráis inniúil comhpháirtíochta***') chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla chomhpháirtíochta a ndualgais a chomhlíonadh i leith na bhfoirmiúlachtaí ábhartha, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í;

(b) aon aiseolas ó údaráis inniúla chomhpháirtíochta a cuireadh isteach sna córais neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais a tharchur chuig oibreoirí eacnamaíocha chun críocha Airteagal 11(1), pointe (b).

2. I gcás ina bhfuil oibreoir eacnamaíoch cláraithe leis na húdaráis chustaim i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, úsáidfear an uimhir EORI le haghaidh na malartuithe faisnéise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena mbunófar socruithe nós imeachta le haghaidh na malartuithe faisnéise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, aon riail shonrach lena rialaítear cosaint sonraí pearsanta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta ***scrúdúcháin*** dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

## ROINN 3
## RIALACHA NÓS IMEACHTA EILE ▌

### Airteagal 16
### Úsáid chóras EORI ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta

Agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu, beidh rochtain ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta ar chóras EORI ▌ chun na sonraí ábhartha maidir le hoibreoirí eacnamaíocha atá stóráilte sa chóras sin a bhailíochtú.

Airteagal 17

Comhordaitheoirí náisiúnta

Ainmneoidh gach Ballstát comhordaitheoir ***náisiúnta*** le haghaidh Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam. Déanfaidh an comhordaitheoir náisiúnta na cúraimí seo a leanas chun ***tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo***:

(a) feidhmiú ▌ mar phointe teagmhála náisiúnta le haghaidh an Choimisiúin i leith gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo;

(b) ***an*** comhar idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta náisiúnta a chur chun cinn, ar an leibhéal náisiúnta***, agus tacú leis*** ▌ ;

***(c) comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a nascadh le CSW-CERTEX AE, agus faisnéis a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 20(4).***

## Caibidil V

## Costais CSW-CERTEX AE, clár oibre, agus faireachán agus tuairisciú

Airteagal 18

Costais

1. ***Is le buiséad ginearálta an Aontais a íocfar*** na costais a bhaineann le CSW-CERTEX AE agus a chomhéadain a fhorbairt, a chomhtháthú agus a oibriú le córais neamhchustaim an Aontais.

2. Íocfaidh gach Ballstát as na costais arna dtabhú i ndáil lena thimpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a fhorbairt, a chomhtháthú agus a oibriú agus lena thimpeallacht ionaid ilfhreastail maidir le custam a nascadh le CSW-CERTEX AE.

Airteagal 19

Clár oibre

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena mbunófar clár oibre chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir leis an nasc idir na córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le CSW-CERTEX AE agus lánpháirtiú na bhfoirmiúlachtaí neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais faoi seach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta ***scrúdúcháin*** dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

***Déanfar an clár oibre dá dtagraítear sa chéad mhír a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus uair amháin gach 3 bliana ar a laghad, chun cur chun feidhme foriomlán an Rialacháin seo a mheasúnú agus a fheabhsú.***

Airteagal 20

Faireachán agus tuairisciú

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar fheidhmiú Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, agus ***faisnéis atá ábhartha chun críocha faireacháin agus arna soláthar ag na Ballstáit á cur san áireamh inter alia, lena n-áirítear faisnéis maidir le feidhmiú a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam***.

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht rialta ar fheidhmíocht CSW-CERTEX AE. ***Áiritheofar sa mheastóireacht sin measúnú ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhtháthú, ábharthacht agus breisluach Aontais de CSW-CERTEX AE.***

3. Faoin 31 Nollaig 2027 agus gach ***bliain*** ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil sin:

(a) ***forléargas ar fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a áirítear i reachtaíocht an Aontais agus i dtograí reachtacha an Choimisiúin;***

(b) ***forléargas mionsonraithe ar an dul chun cinn atá déanta ag gach Ballstát maidir lena thimpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo; agus***

(c) ***forléargas mionsonraithe ar dhul chun cinn foriomlán Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam i ndáil leis an gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 19.***

***Faoin 31 Nollaig 2027 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, áireofar freisin sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír faisnéis faoin bhfaireachán agus faoin meastóireacht a rinneadh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, faoi seach, lena n-áirítear an tionchar ar oibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.***

4. Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, soláthróidh na Ballstáit ▌ ***faisnéis maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo*** is gá le haghaidh na tuarascála dá dtagraítear i mír 3.

## Caibidil VI
## Nósanna imeachta maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe, leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus forálacha críochnaitheacha a ghlacadh

Airteagal 21
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(6), agus ***(7),*** Airteagal 10(3) agus Airteagal 13(4) a ghlacadh don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ***ama*** ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(6) agus ***(7),*** Airteagal 10(3) agus Airteagal 13(4) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(6) agus ***(7),*** Airteagal 10(3) nó Airteagal 13(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 22

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um an gCód Custaim, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

***2.*** I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 23

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 5, pointe (2):

‘(e) Rialachán (AE) .../...[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus na forálacha lena bhforlíontar nó lena gcuirtear chun feidhme é;

______________________

* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L …).’

(2) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 163(1):

‘Na doiciméid tacaíochta le haghaidh na bhfoirmiúlachtaí neamhchustaim is infheidhme de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) .../...[++], measfar iad a bheith i seilbh an dearbhóra agus ar fáil do na húdaráis chustaim tráth a dtaiscfear an dearbhú custaim, ar choinníoll go mbeidh na húdaráis sin in ann na sonraí is gá a fháil ó chórais chomhfhreagracha neamhchustaim an Aontais trí Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointí (a) agus (c), den Rialachán sin.’

______________________

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin seo san fhonóta.

[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo.

Airteagal 24

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 8(3), pointe (***a***), Airteagal 11, Airteagal 13(1), (2) agus (3), Airteagal 14 agus Airteagal 15(1) agus (2) ón ... [***9 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN

***Cuid A***

**Foirmiúlachtaí neamhchustaim *agus córais neamhchustaim éigeantacha* an Aontais**

| Foirmiúlacht neamhchustaim an Aontais | Acrainm | Córas neamhchustaim an Aontais | Reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais | Dáta cur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| **Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte le haghaidh ainmhithe** | CHED-A | RIANTA | ▌ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] ▌ | ***3*** Márta ***2025*** |
| **Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte le haghaidh táirgí** | CHED-P | RIANTA | ▌ Rialachán (AE) 2017/625 ▌ | ***3*** Márta ***2025*** |

[22] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ó gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte le haghaidh beatha agus bia nach de bhunadh ainmhíoch iad** | CHED-D | RIANTA | Rialachán (AE) 2017/625 | ***3*** Márta ***2025*** |
| **Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte le haghaidh plandaí agus táirgí plandaí** | CHED-PP | RIANTA | Rialachán (AE) 2017/625 | ***3*** Márta ***2025*** |
| **Deimhniú Cigireachta** | COI | RIANTA | Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] | ***3*** Márta ***2025*** |
| **Ceadúnas ídithe ózóin** | ODS | Córas Ceadúnúcháin ODS 2 | Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] | ***3*** Márta ***2025*** |

23 Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

24 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 31.10.2009, lch. 1).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Gáis cheaptha teasa fhluairínithe** | F-GAS | Tairseach F-GAS agus Córas Ceadúnúcháin HFC | ▌ Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] ▌ | ***3*** Márta ***2025*** |
| **Ceadúnas Allmhairiúcháin ▌ le haghaidh earraí cultúir** | ***ICG-L*** | RIANTA | ▌ Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] | 3 Márta 2025 |
| ***Ráiteas ón allmhaireoir le haghaidh earraí cultúir*** | ***ICG-S*** | ***RIANTA*** | ***Rialachán (AE) 2019/880*** | ***3 Márta 2025*** |
| ***Tuairisc ghinearálta le haghaidh earraí cultúir*** | ***ICG-D*** | ***RIANTA*** | ***Rialachán (AE) 2019/880*** | ***3 Márta 2025*** |

[25] Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).

[26] Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú (IO L 151, 7.6.2019, lch. 1).

## *Cuid B*

***Foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais agus córais neamhchustaim dheonacha an Aontais i gcás ina ndéantar foráil maidir le CSW-CERTEX AE a úsáid i reachtaíocht an Aontais***

| ***Foirmiúlacht neamhchustaim an Aontais*** | ***Acrainm*** | ***Córas neamhchustaim an Aontais*** | ***Reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í*** | ***Nasc faoin*** |
|---|---|---|---|---|
| ***Ceadúnas allmhairiúcháin maidir le Forghníomhú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí*** | ***FLEGT*** | ***RIANTA*** | ***Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 2173/2005***[27] | ***3 Márta 2025*** |
| ***Córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú*** | ***DuES*** | ***Córas ríomhcheadúnaithe*** | ***Rialachán (AE) 2021/444ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[28] | ***3 Márta 2025*** |

27 ***Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).***]

28 ***Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).***

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***Deimhnithe maidir le trádáil idirnáisiúnta speicis fauna agus flora fiáine i mbaol*** | ***CITES*** | ***RIANTA*** | ***Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 338/97***[29] | ***1 Deireadh Fómhair 2025*** |
| ***Córas Faisnéise agus Cumarsáide le haghaidh Faireachas Margaidh*** | ***ICSMS*** | ***ICSMS*** | ***Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[30] | ***16 Nollaig 2025*** |

---

***29*** *Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialú (IO L 61, 3.3.1997, lch. 1).*

***30*** *Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).*